Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14527/25**

**SOC 702**
**EMPL 463**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe thar ceann na Danmhairge |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe thar ceann na Danmhairge**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas[1], agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de,

---

[1] IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 23 Meán Fómhair 2024[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don tréimhse ón 25 Meán Fómhair 2024 go dtí an 24 Meán Fómhair 2026.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe chomhlachais na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Birgitte NYMARK a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag an Danmhairg don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE an 23 Meán Fómhair 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe (IO C, C/2024/5865, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5865/oj.

*Airteagal 1*

Ceaptar Ida Helmi HOUSE ina comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe in ionad Birgitte NYMARK ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 24 Meán Fómhair 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*